

Chun tuilleadh faisnéise a fháil,  
féach:  
[www.thrombosis.ie](http://www.thrombosis.ie)

# CÁTA FOLÁIRIMH UM THÉACHTÁN FOLA

## CÉARD IS TÉACHTÁN FOLA ANN?

Is téachtán i soitheach fola é, sa chos de ghnáth, a d'fhéadfadh briseadh den soitheach agus dul go dtí na scamhóga. Is féidir leis sin a bheith marfach.

**60%** de théachtáin san **OSPIDÉAL**  
nó sna **90 Lá** i ndiaidh dul  
isteach san ospidéal.



Is féidir le téachtáin fola a bheith an-tromchúiseach - ach tá cóireálacha éifeachtacha ann chun iad a leigheas agus a chosc

## COMHARTHAÍ AGUS AIRIONNA TÉACHTÁIN FOLA

- At nó pian i gcos nó i lámh amháin
- Cos nó lámh atá te nó dearg
- Gearranáil nó mearanáil
- Pianta cliabhraigh (go háirithe nuair atáthar ag anáilú go trom)
- Casacht nó fuil a chaitheamh aníos le casacht


**Má bhíonn ceann amháin nó níos mó díobh sin ort, seans go bhfuil téachtán agat agus go bhfuil cóireáil de dhíth ort láithreach**

# CÁRTA FOLÁIRIMH UM THÉACHTÁN FOLA

## CAD IS FÉIDIR LIOM A DÉANAMH CHUN CABHRÚ LIOM FÉIN?

- Iarr go ndéanfaí do riosca téachtáin fola a mheasúnú, go háirithe má tá tú i gceann de na grúpaí riosca is airde atá liostaithe thall
- Bí ag siúl agus ag gluaiseacht a oiread agus is féidir
- Ól go leor leachtanna
- Má thugtar treoir duit stocai nó cógais a úsáid chun clot a chosc nó a chóireáil, lean na treoracha go beacht
- Cuimhnigh, is dóichí go mbeidh clot fola sna féitheacha suas le 90 lá tar éis a bheith san ospidéal
- Má tá aon chomharthaí nó airí téachtáin agat, déan **beart láithreach** chun cabhair leighis a lorg

IS MÓ SEANS go bhfaighidh tú téachtán san **OSPIDÉAL**



ná ar **EITLEÁN!**

## An bhfuilim i mbaol?

### D'FHÉADFÁ A BHEITH I GCONTÚIRT NÍOS MÓ:

- má théann tú isteach sa ospidéal agus go ceann 90 lá i ndiaidh duit dul abhaile
- má tá ailse ghniomhach ort nó má tá cóireáil ailse á cur ort
- má tá tú torrach nó má rugadh leanbh duit níos lú ná 6 seachtaine ó shin
- mura mbionn tú in ann siúl (níos mó ná 3 lá sa leaba / taistil gan stad ar feadh níos mó ná 6 uair / cos i bplástar)

### D'FHÉADFADH NÍOS MÓ BAOL A BHEITH ANN FÓS:

- má bhí téachtán fola agatsa nó ag garghaol leat
- má cuireadh obráid ort le 90 lá anuas
- má tá trombaifilia ort (an claonadh chun téachta)
- má tá piollaire frithghiniúnach nó TAH á chaitheamh agat
- má tá galar croí, scamhóige nó athlastach ort
- má tá tú níos sine ná 60 bliain d'aois nó róthrom
- má tá féitheacha bhorrtha agat a éiríonn dearg agus pianmhar